Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 27 Eanáir 2022
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0345(NLE)**

**15130/21**
**ADD 2**

**PECHE 510**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena socraítear le haghaidh 2022 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme in uiscí an Aontais agus i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad<br>• Ráiteas breise ón tSualainn |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn ráiteas breise ón tSualainn.

**IARSCRÍBHINN**

**Ráiteas ón tSualainn maidir leis an scadán sa Mhuir Thuaidh**

I gcomhar leis an gcruinniú de chuid Chomhairle AGRIFISH an 12-13 Nollaig 2021, thug an tSualainn chun suntais earráid ríofa i gcuóta scadán na Sualainne sa Mhuir Thuaidh (HER/4AB) agus thug sí an bunús chun sciar na Sualainne a ríomh i gcomhréir leis na blianta roimhe seo, lena n-áirítear 2021. Dá bhrí sin, bhí an tSualainn ag súil go gceartófaí an ríomh sin i bhfianaise ghlacadh deiridh an rialacháin ach tugann sí dá haire nach amhlaidh an scéal. Dá bhrí sin, glacann an tSualainn leis go gceartófar an earráid sin mar aon le haon earráidí comhchosúla eile sa chéad leasú eile ar an rialachán. Cé gur beag í an difríocht ó thaobh tonaí de, tá an-tábhacht ag baint leis an ábhar mar is ó Ionstraim Aontachais na Sualainne a eascraíonn an bunús do sciar inmheánach AE na Sualainne.